# *Spórt ar feadh an tSaoil a Fhorbairt: An Chéad Phas Eile*

Straitéis Chomhairle Spóirt na hÉireann 2009-2011

**MISEAN**

Is é misean Chomhairle Spóirt na hÉireann, i gcomhpháirtíocht lenár Roinn a chuireann an Spórt chun cinn:

*Forbairt inmharthana spórt iomaíoch agus áineasa in Éirinn a phleanáil, a threorú agus a chomhordú*

**Clár na nÁbhar**

1. Ráiteas an Chathaoirligh

3. Forbairt an Ráitis Straitéisigh

4. Bunaidhmeanna

5. Acmhainní

6. Comhthéacs agus Dúshláin don Spórt in Éirinn

7. Meastóireacht ar Fhorbairt Spóirt ar feadh an tSaoil:

8. Straitéis 2009-2011

9. Cuspóirí: Tomhas agus Athbhreithniú, Táscairí Príomhfheidhmiúcháin

10. Admhálacha

Aguisín A: Straitéis Rannpháirtíochta
Aguisín B: Samhail LISPA

## RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Ossie Kilkenny

Táim bródúil as an straitéis trí bliana seo a chur i láthair ar son Chomhairle Spóirt na hÉireann. Is eagraíocht den scoth í a bhfuil a lán bainte amach aici ina saol gearr.

Tá dhá fhiric fhíorthábhachtacha nach mór a aibhsiú. Ar an gcéad dul síos tá cruthaithe ag ár gclár taighde go bhfuil níos mó de mhuintir na hÉireann ag glacadh páirte sa spórt ná mar a bhí riamh cheana. Tá an-chuid dúshláin atá os ár gcomhair tugtha chun solais ag an gclár taighde céanna, cuid acu nach bhfuil éasca a shárú. Níl aon dabht, áfach, ach go dtugaimid aghaidh ar an todchaí le dóchas, leis na céadta míle de mhuintir na hÉireann idir óg agus aosta ag glacadh páirte go rialta i spórt a dhéanann maitheas dá sláinte.

Chomh maith leis sin, cruthaíonn na héachtaí spórt atá bainte amach ag ár scothlúthchleasaithe i réimse leathan spórt go bhféadfaimid toradh a ghineadh ar infheistíocht i spórt éilite na hÉireann. Ar feadh na mblianta bhíomar in éad le córais spóirt níos fearr agus a n-éachtaí bonnbhuachana. Le déanaí bhí dornálaithe Éireannacha, Parailimpeacha agus daoine eile in iomaíocht go rathúil ag an leibhéal is airde comórtais idirnáisiúnta.

Bunaíodh Comhairle Spóirt na hÉireann i 1999 agus gan mhoill thiomnaigh sí í féin d'fhorbairt spóirt in Éirinn i modh straitéiseach agus pleanáilte go maith. Tá ár gceathrú plean straitéiseach sa doiciméad seo. Le linn ár naoi mbliana tá tacaíocht ollmhór faighte againn laistigh den phobal spóirt. Gach rud atá bainte amach againn go dáta tá sé déanta i gcomhoibriú lena lán eagraíochtaí spórt. Is é ár gcur chuige dár misean ná oibriú ar bhonn comhoibrithe, comhpháirtíochta agus measa.

Go háirithe oibrímid go dlúth lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus is mian liom buíochas a ghabháil leo as a dtacaíocht leanúnach don Chomhairle.

Comhlíonaimid an-chuid feidhmeanna agus rólanna difriúla. Fad is gur áisíneacht mhór mhaoinithe muid don spórt in Éirinn cuirimid a lán seirbhísí eile ar fáil a thacaíonn lenár dhá phríomhchuspóir; rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú agus caighdeáin an spóirt éilite a fheabhsú.

Tá a raibh leagtha amach againn a bhaint amach bainte amach againn inár straitéis dheiridh. Níl príomhthosaíochtaí, eadhon bunú Institiúid Spórt na hÉireann agus rolladh amach iomlán an Líonra Náisiúnta um Chomhpháirtíochtaí Spórt  ann ach ar feadh am gearr go leor. Ní mór fócas na dtrí bliana le teacht a bheith ar thacaíocht a thabhairt do na tionscnaimh seo chun a chinntiú go nginimid na haschuir dhearfacha  a chuireamar romhainn a bhaint amach.

Thóg an Chomhairle cinneadh a measadh go raibh treoir straitéiseach foriomlán na heagraíochta bailí. Bhí sé tábhachtach go leanfaimid cosán straitéiseach comhsheasmach i bhfianaise dul chun cinn polasaithe comhleanúnacha ó 2005. Chomh maith leis sin tacaíonn an Chomhairle le cláir a thugann faoi na tosaíochtaí straitéiseacha leagtha amach i gClár don Rialtas, an comhaontas náisiúnta i dTreo 2016, agus straitéis na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta.

Chomh maith leis sin aithnímid an toradh a bheadh ar ár gcuid acmhainní féin agus  acmhainní ár gcliant i gcinneadh an doiciméid seo.  Níl gá ar bith infheistíocht shuntasach ama agus airgid a chur isteach i straitéis nua nuair atá fís shoiléir agus roinnte ann faoi conas ba cheart dúinn dul ar aghaidh.

Leis an méid sin ar eolas againn dhíríomar ár bhfuinneamh ar cheithre phríomhghné;

- Meastóireacht ar obair na dtrí bliana seo caite le tagairt faoi leith ar na spriocanna a leagamar amach dúinn féin,
- Timpeallacht reatha na rannóige spóirt agus na heagraíochta,
- Meastóireacht ar na príomhcheisteanna atá romhainn sna trí bliana seo chugainn,
- Leithdháileadh na n-acmhainní ar fáil don Chomhairle chun ár gcuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh

Mar is amhlaidh le próisis phleanála straitéiseacha go léir, níl sa doiciméad foilsithe ach an pas deireannach agus is é an dul i gcomhairle, an mheastóireacht agus an díospóireacht a dhéantar le linn an phróisis a

thugann beatha agus luach don straitéis. Táimid sásta gur scáthán iad na doiciméid ar na cinntí a thóg an Chomhairle ar a treoir thar na trí bliana seo chugainn. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine ag a raibh ionchur sa phróiseas straitéiseach seo.

**FORBAIRT AN RÁITIS STRAITÉISIGH**

Cúlra

Faoi Alt 25 d'Acht Chomhairle Spóirt na hÉireann, 1999 éilítear ar an gComhairle ráiteas straitéiseach trí bliana a ullmhú don tréimhse 2009-2011 le cur faoi bhráid an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta i Mí na Nollag 2008.

Sa ráiteas straitéiseach seo tá príomhchuspóirí na Comhairle, aschuir agus straitéiseacha bainteacha don tréimhse. Den riachtanas don phróiseas tá athbhreithniú ar na cláir agus gníomhaíochtaí le linn na dtrí bliana seo caite.

Rinne Comhairle Spóirt na hEireann roinnt chinntí fhíorthábhachtacha ag tús an phróisis. Tá bunaidmeanna na straitéiseacha roimhe seo ábhartha fós agus leanann siad le buntaca a chur faoi ghníomhartha na heagraíochta.

Ba cheart go leanfadh aidhmeanna leathana na straitéise, sé sin fócas ar rannpháirtíocht a mhéadú agus caighdeáin spórt éilite a fheabhsú.

Leagann an straitéis fís fhoriomlán don Chomhairle agus ní mór di a bheith comhsheasmhach le obair forbairtí straitéiseacha eile sna trí bliana seo caite agus gan í a dhúblú.

**Príomhfhorbairtí le linn tréimhse straitéiseach**

Tá Comhairle Spóirt na hÉireann forbartha go suntasach le linn na tréimhse "Forbairt Spóirt ar Feadh an tSaoil, 2006-2008"

o Tá moltaí forbartha ag grúpa laistigh den Chomhairle ar straitéis chuimsitheach chun rannpháirtíocht sa spórt in Éirinn a mhéadú. Leagann an doiciméad seo amach, forbartha go comhthreormhar leis an straitéis, fís na Comhairle do rannpháirtíocht mhéadaithe sa spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil in Éirinn.

o Tá na Comhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla lárnach do phleananna na Comhairle rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú. In 2008 d'éirigh na Comhpháirtíochtaí ina líonra náisiúnta le 33 oibríochtúil agus ag clúdach gach cuid den tír. Tá creat meastóireachta agus monatóireachta SPEAK forbartha agus tá an chéad thuarascáil do 2007 foilsithe.

O Díríonn Straitéis Rianta na hÉireann forbartha i gcomhpháirtíocht le roinnt áisíneachtaí náisiúnta ar áineas taobh amuigh agus tá tábhacht ar leith ag baint leis mar gheall ar na leasa atá le siúlóid agus rothaíocht mar ghníomhartha fisiciúla. Seolta in 2007, de dheasca na straitéise sin a bunaíodh Coiste Comhairliúcháin Rianta Náisiúnta agus Oifig Rianta Náisiúnta, iad araon leis an gcúram an straitéis a chur i bhfeidhm.

o Ba phríomhthosaíocht bunú na hInstitiúide Spóirt in 2006 laistigh den earnáil ardfheidhmíochta. Seachadfaidh an Institiúid seirbhísí riachtanacha do lúthchleasaithe agus oiliúnóirí leis an toradh le feiceáil ó 2009.

o Taispeánfaidh athbhreithniú ar fheidhmiúcháin ag Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha Bejing cur i bhfeidhm na moltaí agus baint amach spriocanna curtha síos in Athbhreithniú na hAithne (2005). Ba iad 6-9 sna cluichí ceannais ag na hOilimpeacha agus 12 go 15 ag na Parailimpeacha na spriocanna sin. Sáraíodh an dá sprioc araon, a thiontaigh go 3 bhonn ag na hOilimpeacha agus 5 bhonn ag na Parailimpeacha.

- Is saincheist iltaobhach agus ilnáisiúnta frithdhópáil. Tacaíonn Comhairle Spóirt na hÉireann le WADA ina iarrachtaí dópáil a bhaint den spórt go domhanda. Tiocfaidh Rialacha nua Frithdhópála na hÉireann i bhfeidhm ó 1 Eanáir, 2009.

- Tá eolas curtha ar fáil ag an gclár taighde i gcomhoibriú leis an Institiúid Eacnamaíoch agus Sóisialta, an CSO agus institiúidí taighde chun tosaigh eile, ar spórt in Éirinn. Cuireann an t-eolas seo bunús ar fáil d'fhorbairt polasaí sa spórt.

- Sheol *Coaching Ireland*, aitheanta mar an NCTC go dtí seo a straitéis nua d'oiliúnú i Meán Fómhair 2008. Tá an t-oiliúnú den riachtanas d'fhorbairt spóirt in Éirinn agus ardaíodh é ina lán de na haighneachtaí chuig an gComhairle. Oibreoidh *Coaching Ireland* ar bhonn uile-Éireann agus comhlíonfaidh cur i bhfeidhm a straitéis riachtanais oiliúntóirí agus oiliúnaithe in Eirinn. Formhuiníonn an Chomhairle a ról agus a téarmaí tagartha nua agus tacóidh sí lena cuid oibre i gcur i bhfeidhm a straitéise.

- Taispeánann forbairt *Coaching Ireland* mar bhord uile-oileáin an dlúthchomhoibriú idir Comhairle Spóirt na hÉireann agus ár gcomhghleacaithe i Spórt Thuaisceart na hÉireann. Breisíodh comhoibriú trasna réimsí áirithe thar an straitéis dheiridh lena n-áirítear pleanáil bord rialaithe, pleanáil ardfheidhmiúcháin, frithdhópáil agus taighde.

**BUNAIDHMEANNA**

Comhairle Spóirt na hÉireann
Bunaíodh Comhairle Spóirt na hÉireann mar áisíneacht reachtúil an 1 Iúil 1999. Faoi Acht Chomhairle Spóirt na hÉireann, tá an Chomhairle faoi shainordú an méid seo a leanas a dhéanamh:

o Spórt iomaíoch a chur chun cinn, a fhorbairt agus a chomhordú
o Straitéisí a fhorbairt chun rannpháirtíocht i spórt áineasa a mhéadú agus cur i bhfeidhm na straitéisí sin ag boird na hÉireann go léir bainteach le spórt áineasa a chur chun cinn agus áiseanna spóirt áineasa a chur ar fáil a chomhordú
o Caighdeáin mhaithe iompraíochta agus cothrom na féinne a éascú i spórt iomaíoch agus áineasa araon
o Dópáil a shárú i spórt
o Taighde bainteach le spórt iomaíoch agus/nó spórt áineasa a thionscnamh agus a spreagadh
o Taighde a éascú agus eolas bainteach le spórt iomaíoch nó áineasa a scaipeadh.

Tá cathaoirleach agus deich ngnáthbhall a cheaptar ag an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta an an gComhairle. In 2008, tá an fhoireann méadaithe go 31 agus bhí an buiséad €57 miliún.

De réir Alt 25 d'Acht Chomhairle Spóirt na hÉireann, 1999 éilítear ar an gComhairle plean straitéiseach trí bliana a ullmhú le cur faoi bhráid an Aire i mí na Nollag 2008. Is é seo an ceathrú ceann i sraith ag tosú le "Ré Nua don Spórt", (2000 go 2002), "Spórt ar Feadh an tSaoil", (2003 go 2005) agus "Forbairt Spóirt ar Feadh an tSaoil, (2006 go 2008).

Bhí na bunaidhmeanna a bhí faoi bhuntaca na straitéise roimhe seo athdhaingnithe go maith. Creideann an Chomhairle go gcuimsíonn an fhís, misean agus ról, an eagraíocht go cruinn agus na dúshláin atá os a comhair.

Fís

Is é fís na Comhairle ná go gcuirfeadh spórt le cáilíocht saol na hÉireann agus:

- Go spreagfaí agus go mbeadh luach ag gach duine sa spórt;

- Go bhfeicfeadh daoine óga rannpháirtíocht sa spórt mar chuid thaithneamhach agus comhtháite dá saoil;

- Ina bhféadfadh aonáin a gcumais spóirt a fhorbairt agus níos mó taitnimh a bhaint as, talann agus tiomantas amháin ag cur teorann leis; agus

- Go mbainfeadh fir agus mná spóirt feidhmiúchán den scoth amach go comhsheasmhach agus go cóir.

Luachanna

Tá na luachanna seo a leanas faoi bhuntaca gníomhartha na Comhairle.

- Tá an poitéinseal ag spórt saol gach duine a shaibhriú agus cuirfidh an Chomhairle cuimsiú agus comhtháthú chun cinn sa spórt.

- Is eagraíocht oscailte, mhacánta agus fhreagrach í, a bhunaíonn a cinntí ar fhianaise chuspóireach.

- Tá an Chomhairle tiomanta dá cláir agus tosaíochtaí a thomhas agus a athbhreithniú.

- Tá an Chomhairle oscailte do nuálaíocht i bpleanáil agus seachadadh feabhsuithe inmharthanacha don spórt.

- Tá sé aitheanta gurb é oibriú i gcomhpháirtíocht le áisíneachtaí eile an bealach is fearr na torthaí atá ag teastáil a sheachadadh. Luachálann an Chomhairle na gaolmhaireachtaí láidre atá tagtha chun cinn i measc an phobail spóirt ar oileán na hÉireann.

- Tá príomhról na saorálaithe sa spórt aitheanta agus luacháilte. Cuireann saorálú sa spórt go mór le leas an phobail agus an leas sóisialta in Éirinn.

- Cuireann spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil go mór le sláinte aonáin rannpháirteacha agus pobail. Leanfaidh an Chomhairle le spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil a chur chun cinn ar an mbonn sin.

- Tá an Chomhairle tiomanta don chreat Bainteacht i Spórt & Gníomhaíocht Fhisiciúil (LISPA) ar fud gach spórt ar bhonn forbartha reatha agus amach anseo go léir a chomhtháthú chun bainteacht i spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil saoil a chur chun cinn.

- Cuireann tiomantas agus dílseacht foireann Chomhairle Spóirt na hÉireann le forbairt spóirt in Éirinn.

MISEAN

Is é misean Chomhairle Spóirt na hÉireann, i gcomhpháirtíocht lenár Roinn a chuireann an Spórt chun cinn:

‘Forbairt inmharthana spóirt iomaíoch agus áineasa a phleanáil, a threorú agus a chomhordú in Éirinn’

Ról

Is áisíneacht forbartha reachtúil don spórt in Éirinn í Comhairle Spóirt na hÉireann.

Is é fócas ár n-iarrachtaí ná baint amach ár n-aidhmeanna ardleibhéil rannpháirtíocht a mhéadú i spórt agus leibhéil feidhmiúcháin ár lúthchleasaithe éilite i gcomórtais den scoth a fheabhsú.

I measc na meicníochtaí chun ár ról a sheachadadh tá:

- Polasaithe a fhorbairt laistigh dár dtéarmaí tagartha reachtúla;
- Ag obair ar son an spóirt neartaithe ag ár dtaighde, eolas agus gníomhartha cumarsáide;
- Ag éascú forbairt boird spóirt trí chumas agus acmhainn a fhorbairt laistigh de na boird seo;
- Spriocmhaoiniú eagraíochtaí agus aonáin a chuireann an bhéim ar luach ar airgead a bhaint amach;
- Cur i bhfeidhm díreach nuair is gá mar atá amhlaidh go dáta maidir leis an gclár Cód um Eiticí;
- Cur chuige rialúcháin a chur i bhfeidhm nuair a theastaíonn a leithéid mar atá amhlaidh i gcás frithdhópála.

Leanfaidh an Chomhairle ag féachaint orthu seo agus roghanna eile sa chéad straitéis eile chun a chinntiú go seachnaímid ar an ról príomhúil mar atá imlínithe thuas lenár roghanna cinntithe ag an soláthar acmhainní dúinn agus leis an aidhm níos mó luacha a chur le Spórt na hÉireann.

**ACMHAINNÍ**

In “Forbairt Spóirt ar Feadh an tSaoil” chuir an Chomhairle in iúl, go mbeadh buiséad €50 milliún agus bunaíocht foirne 34 ag teastáil ag an gComhairle chun a cuspóirí a bhaint amach.

In 2008, bhí bunaíocht foirne 31 agus buiséad €57.327 milliún ag Comhairle Spóirt na hÉireann. Bhí sé sin bunaithe ar fhaomhadh 6 phost nua agus soláthar acmhainní airgeadais bhreise ag an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta. Tá súil ag an gComhairle go gcuirfear an moladh um bunaíocht 34 i gcrích.

Do 2009 tugadh buiséad €51.689 milliún don Chomhairle. Is gearradh siar 10% ar bhuiséad 2008 é seo.

Is é an tosaíocht a bheidh ag an gComhairle thar na trí bliana seo chugainn ná a chinntiú go gcosnaítear infheistíocht ón stát i spórt, go bhfásann sí nuair is féidir agus go ndírítear í ar thosaíochtaí straitéiseacha.

**COMHTHÉACS AGUS DÚSHLÁIN DON SPÓRT IN ÉIRINN**

Is áisíneacht í Comhairle Spóirt na hÉireann a oibríonn i dtimpeallacht pholaitiúil eacnamaíoch agus shóisialta atá dinimiciúil.

O Tá spórt curtha ar bhord ar Chaibinéid ó 1997 ar aghaidh. Oibreoidh an Chomhairle chun a chinntiú go gcothabhálann spórt a ról agus a thionchar sa saol polaitiúil.

O Déanann Clár don Rialtas 2007-2012 tiomantas do thacaíocht leanúnach do Chomhairle Spóirt na hÉireann mar áisíneacht reachtúil d'fhorbairt, dul chun cinn agus comhordú spóirt in Éirinn.

o Aithníonn na comhpháirtithe sóisialta an tábhacht a dhéanann spórt d'fhorbairt sóisialta agus eacnamaíoch na tíre in I dTreo 2016. Molann sé go dtacóidh an Rialtas leis an dá chuspóir straitéiseacha na Comhairle; rannpháirtíocht mhéadaithe agus caighdeán feidhmiúcháin fheabhsaithe ag leibhéal éilite.

o Tá gaolmhaireacht oibrithe den scoth ag an gComhairle leis an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta. Tugann an Chomhairle faoi deara ina Ráiteas Straitéiseach 2008-2010 go bhfuil an dá aidhm chéanna i spórt ag an Roinn eadhon rannpháirtíocht mhéadaithe agus feidhmiúchán éilite a fheabhsú.

o Aithníonn an Chomhairle freisin an gá atá le gaolmhaireachtaí láidre comhoibritheach le ranna Rialtais eile lena n-áirítear Sláinte agus Leanaí, Oideachas agus Eolaíocht, Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta, Iompar agus Comhshaol & Rialtas Áitiúil.

o Oibreoidh an Chomhairle i dtreo maoiniú ilbhliantúil mar dhéanfadh sé seo an-leas dár n-eagraíocht chliaint.

o Cuireann an Chomhairle fáilte roimh thacaíocht go léir ón stát agus oibreoidh sí leis an Rialtas chun a hinfheistíocht a uasmhéadú. Oibreoidh sí lena chinntiú go bhfásfaidh an chuid sin dá buiséad atá lánroghnach di féin ag an ráta céanna agus a maoiniú neamhroghnach.

o Tá gaolmhaireacht oibrithe den scoth ag Comhairle Spóirt na hÉireann le Spórt Thuaisceart na hÉireann. Leanfaimid dlúthchomhoibriú agus cur chuige uile-oileáin nuair is cuí a chur chun cinn.

o Bhí bliain an-deacair ag geallagair na hÉireann, in éineacht leis an ngeallagair idirnáisiúnta in 2008. Tá an tír i gcúlú eacnamaíochta go hoifigiúil agus beidh impleachtaí ag deacrachtaí eacnamaíochta ar gach gné den tsochaí, acmhainní státchiste san áireamh.

o Féadfaidh éifeacht a bheith ag coinníollacha eacnamaíochta ar shruthanna éagsúla ionchuir, (urraíocht, admhálacha geata, díolacháin chearta) as a mbaineann boird spórt taitneamh. Beidh éifeacht ag an gcúlú eacnamaíochta ar ioncaim inchaite daoine aonair agus clann agus féadfaidh iad seo éifeacht uaidh sin a bheith ar ioncam eagraíochtaí spóirt.

o Tá an líon daoine gairmiúla atá ag obair i réimsi éagsúla de spórt na hÉireann ag méadú de réir mar atá ag éirí leis an earnáil a bheith ina cuid bheo fuinniúil den eacnamaíocht.

o É sin ráite, tá spórt na hÉireann ag brath go láidir ar chion tairbhe saorálaithe ag gach léibhéal, cion tairbhe nach mór a chosaint, a thuiscint agus a aithint.

o Idir an méid daoine a imríonn agus iad a shaorálann tacú le rannpháirtíocht, cuireann spórt go mór le gineadh caipiteal sóisialta in Éirinn. Tá tábhacht ag na gnéithe sóisialta dearfacha spóirt i réimsí eile de pholasaí poiblí.

o Ní féidir a shéanadh ach go mbíonn páirt ag spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil ar an tsláinte do dhaoine aonair agus don phobal. Tá spórt agus sláinte nasctha i meon an phobail anois.

o Áirítear sláinte mheabhrach agus mhothúchánach sa tSláinte. Aithnítear gur féidir le spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil cion tairbhe dearfach a dhéanamh don ghné thábhachtach seo d’fholláine an duine agus an phobail.

o Is sochaí éagsúil í Éire. Is féidir le spórt athrú sóisialta dearfach a spreagadh agus is meicníocht é do chuimsitheacht níos mó grúpaí ar an

imeall lena n-áirítear daoine scothaosta, pobail nua, daoine faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus daoine le míchumas.

## DÚSHLÁIN SA SPÓRT

Ní mór do Chomhairle Spóirt na hÉireann i gcomhlánadh a misin, sraith shaincheisteanna a réiteach.

- Tá an Chomhairle agus an Roinn Ealaíon, Spóirt & Turasóireachta an-rathúil ag plé an cháis do spórt agus ag tabhairt infheistíocht airgeadais isteach san earnáil. Ní mór di oibriú go dian thar na trí bliana le teacht chun a chinntiú go gcothaítear infheistíocht sa spórt agus go bhfásann sí le linn na tréimhse straitéisí seo.

- Tá an poitéinseal ag obair na Comhairle i rannpháirtíocht sa spórt leasa a sholáthar don phobal ar fad. Beidh ionchur ó earnálacha eile ag teastáil dá cuid oibre sa réimse seo agus déanfar leas dóibh, go háirithe sláinte agus oideachas.

- Tá gach duine atá ag obair sa spórt ag iarraidh suim sa spórt a aistriú go rannpháirtíocht sa spórt. Tá feabhsú rochtana ar spórt do gach duine ina ghné fírtháibhachtach de na hiarrachtaí sin.

- Ní mór don Chomhairle tacú leis an líonra náisiúnta um Chomhpháitithe Spórt Áitiúil le réimse clár agus idirghabhálacha a sheachadfaidh siad ar ár son. Chomh maith leis sin ní mór di oibriú chun an t-uasleibhéal comhoibrithe idir LSDanna agus NGBanna a chinntiú.

- De réir polasaí an Rialtais agus an eolais ag teacht as an gclár taighde, díreoidh an Chomhairle a cuid iarrachtai ar dhaoine ó ghrúpaí rannphártaíochta ísle agus iad atá ó cheantair faoi mhíbhuntáiste.

- Oibreoidh an Chomhairle le boird rialaithe chun struchtúir rialaithe den ardcháilíochta a chur i bhfeidhm. Is saincheisteanna beo iad aitheantas agus cáilitheacht do an-chuid eagraíochtaí spóirt sa tír seo.

o Is gné riachtanach d'fhorbairt spóirt é rochtain ar agus cáilíocht an oiliúnaithe. Tá straitéis uaillmhianach ag *Coaching Ireland* agus is féidir leis feabhsuithe móra a dhéanamh sa réimse seo in Éirinn.

o Is airéine an-iomaíoch é spórt idirnáisiúnta éilite. Le blianta beaga anuas tá léirithe ag an gComhairle trí infheistíocht a dhíriú ar bhoird rialachais áirithe spóirt, go bhféadfaidh Éire a bheith rathúil ag leibhéal domhanda. Is é an dúshlán atá ann leanúint ar aghaidh leis an infheistíocht a thugann toradh dearfach do spórt na hÉireann.

o Is ceannaire í an Chomhairle san earnáil spóirt in Éirinn. Aithnítear í amhlaidh i réimsí taighde, frithdhópála agus spóirt éilite. Tá sé ag teastáil a staid a chur in iúl níos soiléire mar áisíneacht ag spreagadh athrú forchéimnithe i réimse rannpháirtíochta sa spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil.

o Fanfaidh an tAonad Frithdhópála laistigh den Chomhairle agus ní bheidh sé mar áisíneacht neamhspleách. Tá ualach oibre os a chomhair atá ag méadú i gcónaí ag tabhairt tacaíochta do WADA agus an troid i gcoinne dópála sa spórt.

o Is gné den riachtanas é cultúr na saorálachta sa spórt in Éirinn. Ní mór tacú le obair na saorálaithe agus í a aithint. Oibreoidh an Chomhairle chun a chinntiú go bhfuil cothromaíocht idir an gá rialachas maith a bheith ann agus foireann mhaith a earcú agus an bonn saoráltachta agus eiteas an spóirt a chothabháil.

o Leanfaidh an Chomhairle eagraíocht seirbhís phoiblí den ardcháilíocht a thógáil. Ní mór don Chomhairle a bheith fíor do na luachanna sa straitéis agus iad a dhéanamh ábhartha dá obair laethúil.

**MEASTÓIREACHT AR " FORBAIRT SPÓIRT AR FEADH AN tSAOIL”**

Chuir Comhairle Spóirt na hÉireann a tríú straitéis “Forbairt Spóirt ar Feadh an tSaoil” faoi bhráid an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta í mí na Nollag 2005. Leag an straitéis sin síos cuspóirí do Chomhairle Spóirt na hÉireann.

Cuspóir 1.

“An líon daoine ag glacadh páirte sa spórt i gcomhpháirtíocht le boird rialachais, comhpháirtíochtaí spóirt agus áisíneachtaí ábhartha eile a mhéadú. Is é an sprioc atá ann rátaí rannpháirtíochta dhaoine fásta a mhéadú 1.5% thar saol na straitéise. Fo-roinnfear an méadú seo sa chaoi seo a leanas: ar an gcéad dul síos laghdú i líon na ndaoine fásta nach bhfuil gníomhach ar chor ar bith; ina dhiaidh sin méadú i líon na ndaoine fásta a chomhlíonann an t-íosleibhéal gníomhaíocht fhisiciúil mholta ar mhaithe lena sláinte.

Cuspóir 2.

Méadaigh 3% líon na bpáistí ag glacadh páirte ag leibhéal éigin spóirt seach-churaclaim agus spórt scoile breise le chéile”.

Daoine Fásta

Déanfar meastóireacht dheiridh ar na cuspóirí seo nuair a bheidh torthaí Monatóireacht Spóirt na hÉireann 2008 ar fáil. Is féidir, áfach, tráchtaireacht chúramach a thosú ar na cúrsaí seo le sonraí ó Mhonatóireacht Spóirt na hÉireann 2007 (ISM) agus ó fhoinsí eile lena n-áirítear Modhúil Spórt Suirbhé Teaghlaigh Náisiúnta Ráithiúil 2006, suirbhé Mintel agus Suirbhé Nós Maireachtála, Dearcadh agus Bia (SLAN). Ba cheart a thabhairt faoi deara go gcruthaíonn na difríochtaí i modheolaíocht, méid an tsampla, aois is ísle freagróra agus sainmhínithe a úsáidtear laistigh de na suirbhéanna éagsúla teorainn ar chruinneas na comparáide is féidir a dhéanamh.

Léiríonn tuarascáil ISM 2007 go raibh 18% den daonra suiteach i gcomparáid le figiúr 22% ó shuirbhé ESRI 2003 spóirt agus aclaíocht (SSPE). Léirigh an suirbhé SLAN 2007 nár thóg 19% de dhaoine fásta den aois 18+ aon aclaíocht i gnáthsheachtain (suiteach go héifeachtach) i gcomparáid le 28% in 2002. Fad is nach féidir comparáid chinnte a bheith ann de bharr modheolaíochtaí éagsúla idir agus laistigh de na suirbhéanna éagsúla, tugann an méid thuas le fios go bhfuil laghdú éigin i leibhéal an tsuiteachta ar a laghad le blianta beaga anuas suas go dtí 2007.

Maidir le leibhéil rannpháirtíochta daoine fásta, léirigh tuarascáil ISM 2007 gurbh é 33% an figiúr foriomlán do rannpháirtíocht uair amháin sa tseachtain ar a laghad sa spórt.

Idir an dá linn tugann anailís ar shonraí spórt QNHS 2006 le fios nach raibh an ráta daonra a bhí rannpháirteach sa spórt am amháin sa tseachtain ar a laghad níos lú ná 30% agus gan dabht ní dócha go mbeadh sé níos mó ná 33% in 2006.

Léirigh suirbhé SLAN 2007 gur ghlac 41% de dhaoine fásta páirt i meánaclaíocht agus/nó aclaíocht thréan 3 nó níos mó ama in aghaidh na seachtaine ar feadh 20 nóiméad ar a laghad i gcomparáid le 40% in 2002. Tugtar faoi deara i dtuarascáil a rinne Mintel in Iúil 2008 gur mhéadaigh an líon daoine den aois 16+ ag glacadh páirte i spórt na hÉireann uair amháin sa mhí ar a laghad ó 1,238,000 in 2003 go dtí figiúr measta 1,484,000 in 2008 fad is a bhí an figiúr 1,421,000 do 2006. Ag cur san áireamh méaduithe sa daonra le linn na tréimhse seo is dócha nach bhfuil sa “dearbhmhéadú” thuas ach athruithe faoin gcéad imeallacha ar chaoi ar bith.

Cuireann anailís chúramach mar sin in iúl laghdú éigin i líon na ndaoine atá suiteach le blianta beaga anuas ach gan ach fíorbheagán athraithe sna huimhreacha ag glacadh páirte. Tá athruithe imeallacha tugtha faoi deara i rátaí rannpháirtíochta ar aon dul le patrúin idirnáisiúnta ina bhfuil an treocht ann go dtarlaíonn athrú go mall thar am sa chaoi go bhfuil siad deacair a fháil go cruinn sa ghearrthéarma.

Leanaí

Tá fianaise eatramhach ó fhoinsí eile níos deacra a fháil do leanaí. Soláthraíonn suirbhé Iompraíocht Sláinte um Leanaí den Aois Scoile (HBSC) eolas éigin ábhartha. Tuaraiscíodh sa suirbhé 2006 gur ghlac 53% de leanaí páirt in aclaíocht 4 uaire in aghaidh na seachtaine ar a laghad i gcomparáid le 48% in 2002 – táscaire a thugann dóchas cé go raibh béim dhifriúil inti ná an spórt scoile breise méadaithe agus an spórt seach-curaclaim a bhí i straitéis na Comhairle.

Choimisiúnaigh an Chomhairle suirbhé scoilbhunaithe i bhFómhair 2008 agus úsaidfear na torthaí sin chun dul chun cinn a thomhas i gcoinne an chuspóra seo. Táthar ag súil go mbeidh torthaí an tsuirbhé le fáil in 2010.

Cuspóir 3.

“Tá sé de chúram ar na comhpháirtithe spórt rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú agus a chinntiú go bhfuil na taithí sa spórt dearfach. I measc na riachtanas cuspóir 3 a bhaint amach beidh rolladh amach náisiúnta Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúla”.

Baineadh amach an sprioc seo. Seoladh an líonra náisiúnta 33LSPanna go foirmiúil in Aibreán 2008. Ón mbliain 2008 beidh ionchur ag an Tuarascáil SPEAK, an creat meastóireachta agus monatóireachta ó na LSPanna oibríochtúla go léir agus soláthróidh siad sonraí comparáideacha i gcoinne tuarascáil 2007.

Cuspóir 4 & Cuspóir 5

Féachann an dá chuspóir leagtha amach thíos, ar spórt ardfheidhmiúcháin agus tá measúnú déanta orthu le chéile.

“Feidhmiúchán lucht spórt éilite i spórt den scoth a fheabhsú trí Athbhreithniú na hAithne a chur i bhfeidhm agus spriocanna Athbhreithniú na hAithne/go mbeadh seisear sna craobhchluichí sna Cluichí Oilimpeacha agus daréag sna Cluichí Parailimpeacha a chomhlíonadh”

“Déanfar feabhsúcháin i spórt éilite a thomhas ag Craobhacha Domhanda agus na hEorpa chomh maith le leibhéil forbartha agus sóisearaigh. Leagfar síos spriocanna i bPleananna feidhmiúcháin chomhaontaithe le boird eile”

Baineadh amach an sprioc seo. Chomhlíon *Team Ireland* na spriocanna leagtha síos in Athbhreithniú na hAithne ag na Cluichí Oilimpeacha Beijing, sé sin 9 imreoirí sna cluiche ceannais le 3 bhonn. Chomhlíon *Team Ireland* na spriocanna leagtha síos in Athbhreithniú na hAithne ag na Cluichí Parailimpeacha Beijing.

Chomh maith leis sin, comhlánann na spórt fócais pleananna feidhmiúcháin iomlána  a leag amach spriocanna do gach bliain.  Taispeánann rianadh na spriocanna seo go bhfuil na spóirt ag éirí an-chruinn ag measúnú a bpoitéinsil i ngach bliain.  Tá rath ann ag leibhéal domhanda i lúthchleasaíocht, rámhaíocht, dornálaíocht, lámhach créphlátaí Parailimpeacha agus i réimse disiplíní eile go hidirnáisiúnta.

Cuspóir 6

"Lean ar aghaidh le taighde ar spórt a fhoilsiú a chuireann le tuiscint na hearnála agus a chuirfidh déanamh polasaí agus cinntí ar an eolas go héifeachtúil. An sprioc atá ann na ceithre píosaí taighde a fhoilsiú in aghaidh na bliana."

Baineadh amach an sprioc seo. Áirítear i bhfoilsiúcháin thar tréimhse na straitéise;

*1) Fair Play – Spórt agus Míbhuntáiste i Spórt*
*2) Figiúirí Ballpark*
*3) Mónatóireacht Spóirt na hÉireann – Tuarascáil Bhliantúil 2007*
*4) Mónatóireacht Spóirt na hÉireann – 2007 /2008 Tuarascáil Leathbhliantúil*
*5) Taighde ar Spórt do Dhaoine Níos Sine*
*6) Tuarascáil Taighde Mhargaidh MORI 2007*
*7) Tuarascáil Taighde Mhargaidh MORI 2008*
*8) Tuarascáil Eatramhach ar Thionscadal Taighde Mionmharatón na nBan*
*9) Tuarascáil ar Nós Maireachtála ógánach i bPort Láirge*
*10) Oifig na Stadramh Lárnach—Tuaracáil Mhodhúil Spóirt Suirbhé Teaghlaigh Náisiúnta Ráithiúil*
*11) Tuarascáil Bhliantúil SPEAK 2007 ar Chomhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla*
*12) Tuarascálacha ar nósanna imeachta comhdhála ó Chomhdháil Spórt na hÓige, Gníomhaíocht Fhisiciúil agus Oideachas Fisiciúil in Ollscoil Luimnigh Meitheamh 2008*
*13) Tuarascálacha ar nósanna imeachta comhdhála o Ghníomhaíocht Fhisiciúil Oiriúnaitheach in Ollscoil Luimnigh Meitheamh 2008*

Cuspóir 7

"Tuiscint níos mó ar ról na Comhairle, próifíl phoiblí níos airde agus feasacht níos mó ar na torthaí atá seachadta ag obair Chomhairle Spóirt na hÉireann."

Molann Taighde MORI agus monatóireacht na meán go bhfuil ardaitheantas poiblí na Comhairle agus rátálacha faomhaithe arda go ginearálta ann.

Laistigh de sin tá réimsí áirithe ábhair chúraim. Tá léirthuiscint ar obair le boird rialachais, lúthchleasaithe éilite agus frithdhópáil. Tá tacaíocht laidir do thosaíochtaí rannpháirtíochta. Tá easpa aitheantais ann, áfach, ar nascadh le Comhpháirtíochtaí Spóirt. Tá sé de thuairim ag a lán daoine, go bhfuil an Chomhairle bainteach i bhforbairt áiseanna, rud nach fíor.

Cuspóir 8

“An eagraíocht inmheánach a neartú níos mó ionas gur féidir léi an straitéis a chomhlíonadh"

Thar chúrsa na straitéise tá an méid seo a leanas bainte amach ag an gComhairle

- An fhoireann méadaithe ó 26 go 31.
- An buiséad méadaithe ó €41 go €57 milliún.
- Aonaid thiomanta bunaithe i réimsí Taighde agus Cumarsáide
- An clár tastála a thabhairt intí, ag feidhmiú go díreach laistigh den Aonad Frithdhópála.
- Oifig na Rianta Náisiúnta a bhunú
- Institiúid Spóirt na hÉireann a bhunú

Cuspóir 9

“Sláine an spóirt a chosaint trí chlár frithdhópála den scoth"

Tá meas mór ar Chlár Frithdhópála Spórt na hÉireann mar chlár idirnáisiúnta den ardcháilíocht, bailíochtaithe go seachtrach le gnólachtáil leanúnach teastas cáilíochta an ISO. .

Ní sholáthraíonn WADA staitisticí a cheadaíonn comparáid idirnáisiúnta. Tá anailís déanta againn ar staitisticí le cláir fhrithdhópála bunaithe go maith, mar an Astráil, Nua-Shéalainn, an Iorua agus an RA, chun tomhas a thabhairt ar an áit atá Éire i gcomparáid le caighdeáin idirnáisiúnta. Tá comparáid mhaith ag Éirinn go hidirnáisiúnta ó thaobh ráta tastála an daonra.

Cuspóir 10

“Príomhghaolmhaireachtaí a neartú ionas go bhfuil siad ag seachadadh do straitéis na Comhairle agus ag comhlíonadh cuspóirí na n-eagraíochtaí chomhpháirtí.”

Is luach lárnach na Comhairle é seo. Rinne an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta suirbhé ar scairshealbhóirí na Comhairle mar chuid dá Athbhreithniú Polasaí agus Luach ar Airgead. Chuir sí in iúl go bhfuil gaolmhaireacht mhaith oibre le boird rialachais agus comhpháirtíochtaí spóirt ann.  Tá an toradh seo comhsheasmhach le suirbhéanna eile déanta le blianta beaga anuas.

Leanann an Chomhairle ag obair i gcomhoibriú le príomhchomhpháirtithe ar nós Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte agus Spórt Thuaisceart na hÉireann. Sampla de chomhpháirtíocht mhaith ag tairgeadh toradh den scoth don spórt ab ea an tionscadal leis an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus POBAL chun maoiniú suntasach ó Chuntais Éagtha a rochtain ar son na gComhpháirtíochtaí Spórt ionas go bhféadfadh siad Oifigí Forbartha Cuimsitheacha Spóirt a cheapadh.

Bailíocht

Rinne an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta Athbhreithniú Polasaí agus Luach ar Airgead na Comhairle a chur i gcrích in 2008. Bhailigh comhairleoir seachtrach ón Roinn an t-athbhreithniú seo. Páirt den phróiseas seo ab ea meastóireacht dhian ar chuspóirí na Comhairle agus baint amach na gcuspóirí seo a thomhas. I dtéarmaí ginearálta bhí an tAthbhreithniú Luach ar Airgead dearfach faoi obair na Comhairle agus, sa chás gur moladh feabhsúcháin, tugadh san áireamh iad seo i bhforbairt na straitéise seo.

Áiríodh san Athbhreithniú Luach ar Airgead suirbhé ar áisíneachtaí spóirt in Éirinn. Cheadaigh roinnt NGBabnna agus LSPanna rochtain don Chomhairle ar a mionsonraí suirbhé. Leis na sonraí sin ar fáil ní raibh gá ar bith suirbhé mionsonraithe eile a dhéanamh don doiciméad seo. Tugadh cuireadh d'áisíneachtaí go léir aighneacht a dhéanamh don straitéis seo agus fuarthas méid áirithe.

**STRAITÉIS 2009-2011**

Aidhmeanna Ardleibhéil

Leanfaidh Comhairle Spóirt an hÉireann le dhá aidhm ardleibhéil a bhaint amach thar na trí bliana le teacht.

- Díreoidh an Chomhairle a cuid iarrachtaí ar líon na ndaoine ag glacadh páirte sa spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú.

- Oibreoidh an Chomhairle chun a chinntiú go leanfaidh feidhmiúchán na hÉireann i spórt éilite idirnáisiúnta ag feabhsú.

# RANNPHÁIRTÍOCHT

Ceann den dá aidhm shonracha Chomhairle Spóirt na hÉireann is ea leibhéil rannpháirtíochta i spórt na hÉireann a mhéadú. Tá an aidhm roinnte leis an Rialtas agus le comhghleacaithe sa spórt. Is é an chúis is mó atá ag an gComhairle chun líon na rannpháirtithe gníomhacha sa tír a iarraidh a mhéadú ná chun cur le sláinte agus leas an náisiúin.

Tá Aonad Rannpháirtíochta na Comhairle freagrach as polasaithe agus cláir a d'fhéadfadh leibhéil ghíomhaíocht fhisiciúil a mhéadú. Tá an tAonad curtha ar an eolas ag cláir thaighde, ag a bhfuil fócas soiléir ar shaincheisteanna rannpháirtíochta.

An líonra náisiunta Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúla a bheidh mar phríomhmheicníocht sheachadta don Chomhairle. Tá 33 Comhpháirtíochtaí agus iad ag oibriú i ngach ceantar den tír. Tá an fhreagracht orthu na hacmhainní infheistithe go háitiúil a uasmhéadú leis an aidhm shonrach líon na ndaoine a ghlacann páirte a mhéadú. Díríonn siad ar na baill sin den phobal ag a bhfuil an ionadaíocht is lú sa spórt, sé sin; daoine níos sine, pobail faoi mhíbhuntáiste, mná agus daoine le míchumas.

Oibreoidh an tAonad Rannpháirtíochta le boird rialachais shonracha chun cláir rannpháirtíochta ar scála mór a sheachadadh. Deimhneoidh an Chomhairle go n-oibreoidh boird rialachais agus comhpháirtíochtaí spóirt leis an aidhm chéanna, go n-oibreoidh siad go maith le chéile chun leasa an phobail agus na spórt.

Aithníonn an Chomhairle ról tábhachtach saorálaithe chun deiseanna a sholáthar sa spórt. Is acmhainn luachmhar iad an 400,000 duine a shaorálann gach bliain agus ní mór an acmhainn sin a chosaint.

Tá oiliúnú d'ardchaighdeán ag gach leibhéal riachtanach chun daoine a mhealladh agus a choimeád sa spórt. Leanfaidh an Chomhairle ag tacú le *Coaching Ireland*, cuireann sí fáilte roimh a chlár oibre uile-oileáin agus formhuiníonn a straitéis oiliúnaithe.

Aithníonn an Chomhairle an spéis atá ag fás i ngníomhartha áineasa lasmuigh ar nós siúlóide agus rothaíochta in Éirinn le blianta beaga anuas, agus aithníonn freisin poitéinseal suntasach do rannpháirtíocht mhéadaithe sna gníomhartha seo. Leanfaidh Oifig na Rianta, Straitéis Rianta na

hÉireann a chur i bhfeidhm atá mar aidhm aici líonra rianta áineasa na tíre a fhorbairt agus feasacht agus úsáid rianta a mhéadú.
Tá moltaí forbartha ag grúpa laistigh den Chomhairle chun straitéis fadtéarmach, chuimsitheach chun rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú. Leagann an doiciméad seo amach, forbartha go comhuaineach leis an straitéis chorpraithe, fís na Comhairle rannpháirtíocht sa spórt agus gníomhaíocht fhisiciuil a mhéadú. Tá achoimre san áireamh in Aguisín A.

# SPÓRT ARDFHEIDHMIÚCHÁIN

Tá Comhairle Spóirt na hÉireann freagrach as spórt ardfheidhmiúcháin in Éirinn. Oibreoidh an tAonad Ardfheidhmiúcháin reatha le feidhmeanna nua na hInstitiúide Spóirt chun seirbhís chuimsitheach do lúthchleasaithe éilite a sholáthar.

Fanfaidh an Institiúid Spóirt laistigh de struchtúr Chomhairle Spóirt na hÉireann. Forbróidh sí pleananna oibre sonracha a bhreiseoidh obair an Aonaid Ardfheidhmiúcháin agus cuirfidh sí seirbhísí breise luachmhara ar fáil d'ár lúthchleasaithe éilite.

Is é aidhm Straitéis Chomhairle Spóirt na hÉireann rath comhsheasmhach a chruthú ag leibhéal éilite, sainmhínithe mar lúthchleasaithe Éireannacha a thairgeadh ag na craobhacha ag leibhéil na hEorpa agus an Domhain, leibhéil Oilimpigh agus Parailimpigh.

Chun an aidhm seo a bhaint amach infheistíonn an Chomhairle sa ghlúin reatha lúthchleasaithe den scoth agus san am céanna ag forbairt talann sóisearach ag céim chomórtais struchtúrtha scoileanna go leibhéal domhanda.

Tá sraith dhoiciméad ann a leagann amach polasaí agus cleachtas sa réimse seo, go háirithe an Straitéis Ardfheidhmiúcháin, (2001), Athbhreithniú na hAithne,(2005), agus an bundoiciméad don Institiúid Spóirt (2006). D'oscail na doiciméid seo an bealach do chur chuige nua do spórt ardfheidhmiúcháin agus tacaíodh é le infheistíocht stáit shuntasaigh €34 milliún ó 2005 go 2008 agus díríonn siad an bealach d'fheidhmiúcháin fheabhsaithe go mór ag leibhéal idirnáisiúnta ag lúthchleasaithe na hÉireann.

Tacaíonn straitéis infheistíochta na Comhairle go díreach le lúthchleasaithe agus go criticiúil, ligeann do chóras Pleanála Fheidhmiúcháin le spóirt fócais. Beidh struchtúr tacaíochta den scoth mar thoradh ar bhunú na hInstitiúide Spóirt in 2006 do lúthchleasaithe éilite.

Bhí an-áthas ar an gComhairle le rath foirne na hÉireann ag Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha Beijing. Tugann cóngaireacht na chéad Cluichí eile, Londan 2012, deiseanna áirithe. Mar sin féin, coimeádfaimid ár bhfócas ratha ag leibhéil na hEorpa, an Domhain agus ag an leibhéal aoise

agus cuirimid fáilte roimh rath ár lúthchleasaithe sna réimsí seo.

*Réimsí Eile um Ghníomhaíocht Chomhairle Straitéisí*

Boird Rialachais

Tá Boird Rialachais Náisiúnta Spóirt curtha ag ceartlár spórt na hÉireann i gcónaí ag Comhairle Spóirt na hÉireann. Tá an ghaolmhaireacht le boird rialachais criticiúil i seachadadh clár mar an Cód Eiticí agus Dea-chleachtas do Spórt Leanaí, clár Frithdhópála Spórt na hÉireann, Clár Ardfheidhmiúcháin agus tosaíochtaí rannpháirtíochta éagsúla mar Mná sa Spórt. Faigheann boird rialachais go díreach sa bhreis ar 60% buiséad bliantúil na Comhairle in infheistíocht.

Aithnímid nach bhfuil an cumas ag gach eagraíocht spóirt seachadadh ar rannpháirtíocht mhéadaithe nó tacú le spórt éilite lúthchleasaithe. Aithnímid go bhfuil freagracht orainn leanúint le riachtanais na n-eagraíochtaí seo a sheirbhísiú trí dheontaschúnamh agus seirbhísí tacaíochta phraiticiúla.

Tá an poitéinseal ag a lán spórt dul chun cinn suntasach a dhéanamh bunaithe ar acmhainní beaga breise a bheag nó a mhór.  Creideann an Chomhairle gur cheart acmhainní a dhíriú ar eagraíochtaí ar féidir leo leasa móra a sheachadadh. Ní mór dúinn cur chuige solúbtha d'infheistíocht a bheith againn, ionas gur féidir linn acmhainní a athdhíriú thar am ó réimsí a fuair an leas is mó san am atá thart agus atá anois níos ábalta iad féin a chothú isteach sa todhchaí.

Oibreoidh an Chomhairle le boird rialachais ar a bpróisis rialachais agus nósanna imeachta. Rollfar amach an clár seo le súil go gcruthófar boird rialachais láidre atá in ann an obair a dhéanamh agus a sheachadfaidh ar infheistíocht phoiblí.

Oibreoimid lenár gcomhghleacaithe i Spórt Thuaisceart Éireann chun samhail mhaoinithe phleanála aonair a thabhairt isteach do na spóirt seo a oibríonn ar bhonn uile-oileáin.

Is dúshlán leanúnach é aitheantas boird rialachais. Deimhneoidh an Chomhairle go bhfuil a polasaithe sa mhéid seo cothrom agus cuimsitheach. Tá réim nua cháilitheachta á forbairt. Tabharfaidh sé seo soiléireacht níos

mó do réimse na cáilitheachta agus cuirfidh go suntasach le forbairt rialachas maith in eagraíochtaí spórt na hÉireann.

Frithdhópáil

Féachtar ar an gClár Frithdhópála Spórt na hÉireann, oibrithe ag Comhairle Spóirt na hÉireann, mar chlár den scoth go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Trína cuid oibre i dtastáil, oideachas agus taighde, tá cáil spóirt na hÉireann breisithe aici. Cosnaíonn sé sláinte lúthchleasaithe trí mhíusáid drugaí sa spórt a aimsiú agus a stopadh. Níl dabht ar bith ach go leanfaidh dópáil mar fhadhb a fhad agus a mbeidh spórt domhanda iomaíoch agus go mbíonn luach saothair as.

Is é an chéad dúshlán eile don Chomhairle cur i bhfeidhm an athbhreithnithe is déanaí um rialacha WADA. Cuirfear na Rialacha nua Frithdhópála na hÉireann i bhfeidhm ó 2009.

Leathnaíodh na seirbhísí tairgthe ag an Aonad Frithdhópála le bailiúchán sampla déanta anois faoi chóras athbhreithnithe curtha i bhfeidhm go hiomlán ó laistigh de Chomhairle Spóirt na hÉireann. Leanann an tAonad na seirbhísí curtha ar fáil do lúthchleasaithe a bhreisiú chun a dtuiscint agus a gcomhlíonadh iomlán lena ndualgais faoin gclár a chinntiú.

Beidh fócas ar oideachas agus an clár for-rochtana. Tá sé leathnaithe go lúthchleasaithe nach dlithear tastáil a chur orthu, mar shampla lúthchleasaithe níos óige ag teacht trí na céimithe sóisearaigh agus forbartha,

Taighde

Leag clár taighde na Comhairle amach tuiscint níos doimhne ar iompraíocht muintir na hÉireann sa spórt a fhorbairt i dtéarmaí rannpháirtíocht sa spórt mar ghníomhaíocht fhisiciúil agus mar ghníomhaíocht shóisialta. Go sonrach, is é a bhí i gceist leis seo ná polasaithe, cláir agus gníomhartha na Comhairle agus a comhpháirtithe a chur ar an eolas.

Tá glactha go maith leis an gclár taighde ó bhlianta beaga anuas laistigh de phobal an spóirt agus chomhlíon sé a aidhm tuiscint dinimic spóirt na hÉireann a fheabhsú.  Tá cion tairbhe sonrach déanta aige trí mhíniú a thabhairt ar leasa an spóirt don eacnamaíocht, don tsochaí, don tsláinte agus d'oideachas an daonra a mhíniú.

Tá fócas sonrach ag an gclár ar rannpháirtíocht agus saincheisteanna bainteacha. Tá tionscadail shuimiúla déanta i réimsí frithdhópála agus ardfheidhmiúcháin leis an bpoitéinseal d'obair bhreise amach anseo arb fhéidir cur le forbairt polasaí sna réimsí seo.

Leanfaidh an Chomhairle lena gcaidrimh a fheabhsú leis an bpobal taighde níos leithne agus le comhpháirtithe torthúla a fhorbairt san earnáil seo. Tá sí tiomanta d'fhorbairt clár taighde bunaithe ar fhoilsiúcháin taighde cháilíochta a thairgeadh.

Cumarsáid

Tar éis faomhaithe “Spórt ar Feadh an tSaoil” bhunaigh an Chomhairle Aonad le fócas ar leith ar chumarsáid.

Is é an chéad tosaíocht feasacht an daonra go ginearálta ar leasa gníomhaíocht fhisiciúil agus na deiseanna atá ann faoi láthair in Éirinn a mhéadú. Cuireann taighde in iúl gurb é an taithí idirnáisiúnta atá ann gur féidir le feachtais mhórscála difríocht a dhéanamh chun an daonra a ghabháil i mbun gníomhaíocht fhisiciúil.

D’oibrigh an tAonad Cumarsáide go dlúth le spóirt agus lúthchleasaithe le déanaí ag ardú a bpróifíle agus ag obair chun a chinntiú go raibh gnóthachain réadúla tuigthe agus ceiliúrtha go maith.  Bí lúthchleasaithe, a gcuid spórt, na meáin agus an pobal níos leithne buíoch as an tacaíocht dhíreach a tugadh do dhornálaíocht, ramhaíocht, seoltóireacht, Parailimpeacha agus eile.

Gan trácht ar an méid spás sna meáin a tugtar do spórt, tá gá ann fós clár spórt níos leithne a chur chun cinn.  Ní thuigtear go forleathan ról na Comhairle, na polasaithe agus na cláir a chuireann sí chun cinn agus an éifeacht a bhí aici cheana ar phobal an spóirt.

*Forbairt eagreachtúil inmhéanach*

Airgeadas

Tá Comhairle Spóirt na hÉireann freagrach as méideanna suntasacha de chistí stáit a infheistiú.  Tá an tAonad Airgeadais freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann nósanna imeachta agus próisis go hiomlán le riachtanais rialachais na gcleachtas is fearr.

Acmhainní Daonna

Fanann sé mar luach lárnach na Comhairle go bhfuil léirthuiscint agus luach ar chion tairbhe a foirne.  Tá plean acmhainn daonna i bhfeidhm chun a chinntiú go n-aithnítear an cion tairbhe a dhéanann comhghleacaithe, gur féidir leo leas a bhaint as tacaíochtaí traenála agus forbartha agus go bhfuil feasacht ag an eagraíocht ar a gcuid riachtanas forbartha.

Cinnteoidh an plean acmhainn daonna go bhfuil foireann na Comhairle traenáilte go cuí agus cáilithe chun déileáil le dúshláin nua curtha i láthair ag gníomhartha na Comhairle agus earnáil spóirt níos leithne.

## Rialachas

Leanfaidh an Chomhairle ardchaighdeáin a chothú maidir lena creat rialachais chorporáidigh trí mhaoirseacht agus athbhreithniú láidir ar an bpróiseas cur i bhfeidhm straitéise, a socruithe tuarascála don Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, forbairt timpeallacht rialaithe inmhéanaí láidre, measúnaithe luach ar airgead leanúnacha dá cláir, bainistíocht riosca, iniúchadh inmheánach agus meicníochtaí eile.

## Forbairt chaidrimh

Tá an Chomhairle uaillmhianach do spórt agus iarrann níos mó tionchair a bheith aici ná mar a cheadódh a hacmhainní de ghnáth. Chun an toradh is fearr a bhaint amach leagann an Chomhairle an-tábhacht ar bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le áisíneachtaí eile.

Tá caidreamh amháin go háirithe atá riachtanach do rath na Comhairle. Ní mór di caidreamh láidir a bheith aici leis an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta. Luachálann an Chomhairle an tacaíocht a fhaigheann sí ón Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus ó chomhghleacaithe sa Roinn.

Is féidir leis an Roinn a tionchar a úsáid laistigh den Rialtas chun maoiniú méadaithe agus tacaíocht a fháil do straitéis na Comhairle. Mar thoradh air sin seachadfaidh an Chomhairle ar a príomhstraitéisí.

Ní mór don Chomhairle caidreamh maith oibre a fhorbairt freisin le roinnt ranna rialtais lena n-áirítear Sláinte & Leanaí, Oideachas agus Eolaíocht, Comhshaol, Oidreacht agus Rialtas Áitiúil, Pobal, Tuaithe & Gnóthaí Gaeltachta, agus Iompar.

Déantar an chuid is mó dár gcuid oibre laethúla i gcomhoibriú le boird rialachais agus comhpháirtíochtaí spórt. Tá an straitéis seo bunaithe ar luachanna roinnte agus déantar í i gcomhpháirtíochtaí a leanfar trí shaol na straitéise seo.

Feiceann an Chomhairle an riachtanas freisin naisc nua a fhorbairt le chomhpháirtithe nua lasmuigh d'earnáil an spóirt ar féidir leo cabhrú leis na cuspóirí a sheachadadh.

## CUSPÓIRÍ

Is é cuspóir an Ráitis Straitéise toradh dearfach agus intomhaiste a dhéanamh ar réimsí príomhoibríochtúla d'obair na Comhairle. Déanfar meastóireacht ar an toradh sin trí athbhreithniú a dhéanamh ar na Táscairí Príomhfheidhmiúcháin agus iad a thomhas. Mar sin, is féidir na príomhchuspóirí a léamh mar na Táscairí seo a leagtar amach go mion sa mhír seo.

## TOMHAS AGUS ATHBHREITHNIÚ

Tá Comhairle Spóirt na hEireann tiomanta do thomhas agus athbhreithniú na ngníomhartha seo. Tomhasfaimid ár ngníomhartha agus aschuir leis an toradh deiridh faoi réir fachtóirí áirithe.

- Fanann an timpeallacht sheachtrach fabhrach d'fhorbairt agus fás na Comhairle.

- Leanann an Chomhairle ar aghaidh le eagraíocht láidir a fhorbairt agus le comhpháirtithe tairgiúla ar fud earnáil an spóirt a fhorbairt.

- Mar áisíneacht stáit cuireann an Chomhairle líon géilliúntas agus gníomhartha eile i gcrích agus cinnteoidh sí nach dtógann saincheisteanna neamhstraitéiseacha suas am na Comhairle agus acmhainní eile.

## TÁSCAIRÍ PRÍOMHFHEIDIÚCHÁIN

*Boird Rialachais*

Oibreoidh an Chomhairle ar fhorbairt boird rialachais spóirt ionas go mbeidh an cumas acu príomhchuspóirí straitéiseacha a sheachadadh. Díreofar ar (15) boird rialachais don chlár breisithe rialachais, ionann agus cúig i ngach bliain na straitéise. Is é seo 25% de na boird rialachais a bhíonn ag brath ar an gComhairle do thacaíocht agus maoiniú.

*ARDFHEIDHMIÚCHÁN*

Sa spórt ardfheidhmiúcháin aontaíonn an Chomhairle spriocanna bliantúla leis an bhfócas ar spóirt ardfheidhmiúcháin. Ó 2010 ar aghaidh foilseofar na spriocanna seo gach bliain do ghráid chraobhacha idirnáisiúnta go léir. Cuirfidh boird rialachais pleananna feidhmiúcháin le chéile agus beidh siad freagrach as na pleananna sin a sheachadadh. Áiríonn samplaí do 2009;

- IABA, bonn a bhuachan ag na Craobhacha Domhanda Sinsearacha AIBA i Meán Fómhair.
- Snámh Éireann, 8 ag críochnú ag an mbarr as 16 agus 6 ag críochnú ag an mbarr as 6 do Chraobhacha Gearrchúrsa na hEorpa i mí na Nollag.
- IHA, foireann shinsearach na bhfear chun cáilitheoir Corn an Domhain san Airgintín a bhuachan i mí na Samhna

Is tomhas amháin gnóthachtála i réimse spórt éilite le Cluichí 2012 Londain le tarlú tar eis na tréimhse straitéise seo feidhmiúchán Oilimpeach agus Parailimpeach. Bhí na spriocanna leagtha síos in Athbhreithniú na hAithne do ghnóthachtáil inmharthana san fhadtéarma le 9 gcríochnóir sna Oilimpeacha agus 15 críochnóirí sna Parailimpeacha le 33% ag aistriú go boinn. Baineadh amach an sprioc sin i Beijing a ligfidh don Chomhairle sprioc níos airde a leagan síos do Londan de réir mar a théann an timthriall ar aghaidh.

Leag athbhreithniú Beijing síos na spriocanna seo a leanas.

Laistigh de na Cluichí Oilimpeach:

- Aithris ar rath boinn Cluichí Beijing (Trí Cinn)
- Méadú ar líon na gcríochnóirí, nó a chóibhéiseach (Naoi gCinn)
- Méadú ar uimhir na spórt á n-ionadú ag na Cluichí a fheabhsaíonn a bhfeidhmiúcháin ó na Cluichí roimhe seo (Naoi gCinn)

Laistigh de na Cluichí Parailimpeach:

- Aithris ar rath boinn Cluichí Beijing, lena n-áirítear líon na mbonn óir buaite (Trí bhonn óir, cuig bhonn go hiomlán)
- Méadú ar líon na spórt a bhuaigh boinn (Trí cinn)
- Méadú ar líon na lúthchleasaithe aonair a bhuaigh boinn (Ceathrar)
- Méadú ar líon na spórt á n-ionadú ag na Cluichí a fheabhsaíonn a bhfeidhmiúcháin ó na Cluichí roimhe seo (Naoi gCinn)

*Frithdhópáil*

Cinnteoidh an tAonad Frithdhópála go bhfanfaidh líon na dtastálacha frithdhópála de réir meáin idirnáisiúnta. Cinnteoidh an tAonad go bhfuil caighdeáin ar aon dul leis an gcleachtas is fearr go hidirnáisiúnta agus tá sé mar aidhm ag an gComhairle a bheith aitheanta Cód géilliúnach go hiomlán le WADA. Iarrfaidh sí a bheith aitheanta mar " éifeachtúil" faoi chinnteidil go léir Clár Aitheantais agus Forbairt Cháilíochta ANADO.

Cinnteoidh an tAonad Frithdhópála go bhfanfaidh líon na dtastálacha frithdhópála ar aon dul le meáin idirnáisiúnta.
In 2008 rinneadh 982 tastálacha ar 37 spórt faoin gClár Náisiúnta, le 64% de na tastálacha déanta ag an gcomórtas. Rinneadh 132 tastálacha faoin gclár Íocann an Úsáideoir, ag tabhairt líon iomlán na dtastálacha go 1,114 do 42 spórt.  Níl figiúirí comparáideacha curtha le chéile ag WADA ach cuireann taighde in iúl go bhfuil Éire ar aon dul le meáin idirnáisiunta i measc tíortha samplacha a rinneadh suirbhé orthu. Tá sí chun tosaigh ar thíortha le daonra níos mó (mar shampla na SA agus an RA) agus ar aon dul le tíortha leis an daonra céanna (mar shampla Nua Séalainn, An Fhionlainn, an Iorua).

*Rannpháirtíocht*

Leagann an *Straitéis Rannpháirtíochta* amach a bhfuil ina chuid den doiciméad seo an-chuid nithe atá inseachadta thar na trí bliana seo chugainn. Tá an fócas ar na struchtúir riachtanacha a thógáil a cheadóidh do thosaíochtaí rannpháirtíochta a bheith rathúil thar an meántéarma go dtí an fadtéarma. Cur i bhfeidhm na seacht ngníomh seo is ea an Príomhtháscaire Feidhmiúcháin don Chomhairle.

- Struchtúr leibhéal náisiúnta a chruthú chun an Straitéis Rannpháirtíochta a mhaoirsiú (2009)
- Comhaontais chomhpháirtíochta a idirbheartú le heocharaisteoirí le cláir a chomhsheachadadh (2009)
- Teimpléad a chruthú do LSPanna le cláir rannpháirtíochta a sheachadadh agus tuarascáil a thabhairt orthu (2009)
- Meicníochtaí maoinithe a athbhreithniú chun rannpháirtíocht a chur san áireamh (2010)
- Glacadh le Treoirlinte Gníomhaíocht Fhisiciúla Náisiúnta (2010)
- Cruthaigh feachtas feasachta agus branda. Forbair córais tomhais agus meastóireachta chun sonraí a rianadh ar rannpháirtíocht trasna réimse clár (2010)
- Téigh i dteagmháil leis an Roinn Oideachais & Eolaíochta le comhchláir a chomhaontú (2011)

Ní mór spriocanna rannpháirtíochta a leagan síos sa mheán go dtí an fadtéarma. Is é an spriocfhigiúr is tábhachtaí ná céadatán an daonra fásta rannpháirteach sa spórt a mhéadú ó 33% go 45% faoi 2020. É sin ráite bheadh sé mar fhís ag an gComhairle méaduithe tosaigh laistigh de spriocghrúpaí ar leith ar nós cailíní atá sna déaga agus daoine le míchumais, laistigh d'amfráma na straitéise a fheiceáil.

*Nóta: Sainmhínítear rannpháirtí ó Mhonatóir Spóirt na hÉireann mar dhuine den aois 16 nó níos mó "a ghlac páirt sa spórt (seachas siúlóid) ar feadh 20 nóiméad ar a laghad le linn na 7 lá roimhe sin"*

Is é an sprioc do dhaoine fásta ná an líon daoine atá suiteach a laghdú ó 18% go 13% faoi 2020. Ní féidir an sprioc seo a bhaint amach ach trí chur chuige iláisíneachta i leith gníomhaíocht fhisiciúil, go háirithe ag díriú ar ghrúpaí ísealghníomhaíochta.

*Nóta: Sainmhínítear suiteacht ó thuarascáil Mhonatóir Spóirt na hÉireann mar aon duine den aois 16 nó níos mó "nár ghlac páirt (20 nóiméad) i ngníomhaíocht áineasa le linn na seacht lá roimhe sin agus nach rothaíonn nó nach siúlann go rialta le haghaidh iompair."*

Leagfar síos spriocanna cuí chun rannpháirtíocht i spórt leanaí agus gníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú bunaithe ar thaighde reatha á dhéanamh sa réimse seo. Foilseofar na spriocanna seo le linn 2010.

Beidh an Chomhairle ag treorú agus ag tacú le Comhpháirtíochtaí Spóirt agus déanfaidh sí a ngníomhartha agus aschuir a thomhas tríd an Tuarascáil SPEAK. Thaispeáin an tuarascáil is déanaí SPEAK (2008):

- Gur ghlac 69,843 duine páirt i gcláir rannpháirtíochta seachadta go háitiúil.
- Gur ghlac 7,896 mná agus cailíní páirt i gcláir Mná sa Spórt
- Go bhfuair breis agus 14,000 clubanna/grúpaí comhairle agus tacaíocht ón líonra LSP

Is é an sprioc atá ann na huimhreacha seo a mhéadú ar aon dul leis an sprioc rannpháirtíochta foriomláin. Coigeartófar an sprioc chun líon méadaithe na gComhpháirtíochtaí gníomhacha a chur san áireamh, 33 anois i gcomparáid le 29 in 2008.

*Gníomhartha Eile na Comhairle*
*Tabharfaidh an Chomhairle tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn i gcoinne na dtáscairi feidhmiúcháin seo.*

• Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le taighde cáilíochta a thairgeadh gach bliain.

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le feasacht ar a cuid oibre a mhéadú, go háirithe in éineacht le cláir, imeachtaí agus eagraíochtaí lena dtacaíonn an Chomhairle. Áirítear i ndá bhearta faoi leith gníomhaíocht eolais na LSPanna a leathnú (67,000 duine ag iarraidh eolais in 2008) agus an clár tacaíochta meán a leathnú do spóirt fócais ardfheidhmiúcháin ó cheithre (CUSAI, IABA, ISA AGUS IARU) in 2007 agus trí (IARU, IABA agus PCI) in 2008.

Déanfaidh Oifig na Rianta Náisiúnta, i gcomhoibriú le Aonad Taighde na Comhairle, monatóireacht ar leibhéal feasachta agus úsáide ar thrialacha na hÉireann chun a gcion tairbhe do rannpháirtíocht i ngníomhartha lasmuigh a mheasúnú.

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le eocharchaidrimh a thógáil bunaithe ar chomhpháirtíocht agus ar aon dul leis an treoir straitéiseach iad go léir atá bainteach. Cuirfidh sí comhaontais leibhéal seirbhíse ar bun le eocharscairshealbhóirí chun eocharchaidrimh a thógáil agus a chothú.

Cothóidh an Chomhairle an leibhéal ard comhlíonta, atá ag teastáil ó áisíneachtaí stáit go léir maidir le nósanna imeachta airgeadais, pearsanra agus seirbhís chustaiméara.

## ATHBHREITHNIÚ

Beidh próiseas athbhreithnithe i bhfeidhm gach sé mhí ar an bplean straitéise le déanamh ag bord Comhairle Spóirt na hÉireann.

## ADMHÁLACHA

Ba mhaith le Comhairle Spóirt na hÉireann comhoibriú na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta a admháil i bhforbairt na straitéise seo.

Ba mhaith leis an bhfoireann tionscadail straitéise buíochas a ghabháil le gach duine agus grúpa a thug a gcuid ama chun ionchuir a thairiscint don phróiseas forbartha straitéise. Thug foireann na Comhairle cion tairbhe tábhachtach don phróiseas straitéise.

Chuir na heagraíochtaí seo a leanas aighneachtaí scríofa ar fáil. Tugaigí faoi deara le bhur dtoil go ndearna Cónaidhm Spóirt na hÉireann cur i láthair bunaithe ar thuairimí 13 boird rialachais náisiúnta spóirt.

- Conaidhm Spóirt na hÉireann
- Mary Upton, TD
- John Considine, UCC
- Comhairle Sléibhteoireachta Éireann
- Cumann Peile Mheirceá-Éireann
- ILAM
- Aois & Deis
- Paddy Doran, Oiliúnóir
- Gleacaíocht na hÉireann
- Conaidhm Uiscesciála na hÉireann
- Líonra Leispiach agus Aerach
- NSPCC Thuaisceart Éireann

Chomh maith leis sin ba mhaith leis an gComhairle buíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí sin a d'aontaigh a gcuid aighneachtaí don Athbhreithniú Luach ar Airgead na Roinne a cheadú mar ionchur don straitéis.

*AGUISÍN A*

## STRAITÉIS RANNPHÁIRTÍOCHTA CHOMHAIRLE SPÓIRT NA hÉIREANN

### Comhthéacs

Ag leanúint ar thaighde agus dul i gcomhairle le scairshealbhóirí, aithníonn comhairle Spóirt na hÉireann nach mór di an príomhról a imirt mar chatalaíoch chun níos mó rannpháirtíochta a chur chun cinn sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil in Éirinn. Aithníonn sí freisin go bhfuil sé riachtanach chun é seo a dhéanamh go héifeachtach agus go maith comhpháirtíochtaí gníomhacha le eochairimreoirí mar Ranna Rialtais, boird rialachais agus eagraíochtaí spóirt a thogáil agus a chothú. Is é an chúis is mó atá ag an gComhairle chun líon na rannpháirtithe gníomhacha sa tír a iarraidh a mhéadú ná chun cur le sláinte agus leas an náisiúin.

Mar thoradh air sin, is é an fís dár straitéis rannpháirtíochta;

**"Éire níos gníomhaí agus níos sláintiúla"**

Tá an misean don straitéis sainmhínithe mar:

**"Cultúr Rannpháirtíochta Ghníomhaí a chothú agus a spreagadh, ag tacú le deiseanna do agus rochtain ar spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil."**

Tá roinnt choincheapanna lárnacha faoi bhuntaca na straitéise nua:

- Cur i bhfeidhm an tsamhail Bainteacht i Spórt agus Gníomhaíocht Fhisiciúil (LISPA) ar feadh an tSaoil trasna spóirt go léir.
- Ba cheart cláir go léir a bheith faoi bhuntaca ag an gCód Eitice & Dea-chleachtas do Spórt Leanaí in Éirinn.
- Infheistíocht na Comhairle a athfhrámáil le béim ar leith ar fheidhmiúchán, freagracht agus tomhas a chinntiú bunaithe ar spriocanna aontaithe

- Ba cheart ár dtosaíochtaí go léir a sheachadadh i gcomhpháirtíocht agus i gcomhoibriú le scairshealbhóirí ábhartha.

**Figiúir: Comparáid idirnáisiúnta rannpháirtíochta sa spórt agus aclaíocht ag daoine fásta (comhréir rannpháirteach i spórt nó aclaíocht ó mheán go tréanleibhéal ar feadh ar a laghad 30 noiméad trí lá le linn na seachtaine seo caite)**




Foinse: Carter et al. (2005) agus ISM 2007

Faoi lathair, tá Éire timpeall leathbhealaigh idir na tíortha seo leis na leibhéil is airde rannpháirtíochta agus iad sin leis an leibhéal is ísle. Is é an aidhm a bheidh againn Éire a dhruid níos giorra do na tíortha rannpháirtíochta den leibhéal is airde ar nós na Fionlainne, Nua Séalainne agus Ceanada. Chun é seo a dhéanamh caithfidh struchtúir agus córais a shainaithint ionas gurb fhéidir le lucht gairmiúla sláinte, folláine agus oideachas oibriú le chéile chun díriú ar ghníomhaíocht fhisiciúil a sholáthar do ghrúpaí ar leith.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach féidir leis an ISC seachadadh ar ghnéithe go léir den Straitéis ach beidh sé chun tosaigh ar fheasacht a ardú ar na coincheapanna faoi bhuntaca na straitéise seo agus ar í a chur in iúl do lucht féachana leathan. I gcás gníomhartha faoi leith laistigh d'earnálacha

beidh ár ról mar chomhpháirtí nó tacaíocht chun seachadadh clár a chinntiú. Beidh sé ag teastáil freisin nascadh isteach leis an earnáil tráchtála chun an réimse clár a chur chun cinn agus a sheachadadh, a thairgfear chun rannpháirtíocht a chothú agus a mhéadú.

**Coinníollacha / Fachtóirí Ratha**

Ó thaithí na Comhairle go dáta, agus ó anailís ar thaithí idirnáisiúnta, creidimid go bhfuil roinnt choinníollacha / fachtóirí ann gur féidir cabhrú le baint amach an toraidh is rathúla, lena n-áirítear:

- Bunú tacar cuspóirí inghnóthachtála atá á dtacú go gníomhach ag na príomhscairshealbhóirí;
- Ag aithint an ghá atá le tiomáint inbhuanaitheach thar thréimhse fhada, gan níos lú ná deich mbliana i gceist, is dócha;
- Ag forbairt agus ag cur i bhfeidhm clár, bunaithe ar chroíluachanna, fianaise thréan, forbartha i gcomhairle le heochairáisíneachtaí go léir agus curtha i bhfeidhm go gairmiúil le monatóireacht leanúnach aschur agus torthaí.
- Dul i mbun feachtas margaíochta sóisialta agus cumarsáide inbhuanaitheach agus comhsheasmhach, ó agus ag foinse inchreidthe agus chuí, faoi bhuntaca ag brandáil bunaithe go maith a thíolacann na luachanna riachtanacha ag cur an tosaíochta ar an eolas.
- Tá tiomantas sa Chlár Reatha do Rialtas chun “feachtas fógraíochta náisiúnta a chur chun cinn ag aibhsiú leasa sláinte spóirt agus aclaíochta”;
- Ag cruthú na struchtúr agus córas, atá tiomanta do rannpháirtíocht a bhreisiú, le tiomantas comhpháirtíocht a fhorbairt agus a chothú agus atá ina luach maith ar airgead.
- Ag cinntiú soiléireacht rólanna agus freagrachta ar fud an chórais cur i bhfeidhm agus athbhreithnithe;
- Ag seachadadh ceannaireacht inspioráideach ag leibhéil lárnacha agus áitiúla araon;
- Ag tabhairt na fianaise chun tacú le infheistíocht, toradh monatóireachta agus feidhmiúchán meastóireachta.

**Moltaí**

1. Glacadh leis an bhfís thuas

2. Glacadh leis na luachanna agus na prionsabail thuas a chuirfidh tosaíochtaí ar fad ar an eolas rannpháirtíocht a bhreisiú agus a chothú.

3. Comhaontú ar cuspóirí téarma níos faide agus gearrthéarma imlínithe thíos.

   Is é atá sa téarma níos faide ná feabhsúcháin sprice a fheicimid a bheith bainte amach faoi 2020. Maidir le rannpháirtíocht sa spórt molaimid figiúr sprice 45% de dhaonra na ndaoine fásta ag glacadh páirte sa spórt ( seachas siúlóid) ar feadh 20 nóiméad ar a laghad le linn na seacht lá roimhe seo. Tá an figiúr seo bunaithe ar an bhunlíne i dtuarascáil ISM 2007 (33%) agus glacadh le méadú 1% in aghaidh na bliana ó 2009 go 2020 ( ar aon dul a bheag nó a mhór le noirm idirnáisiúnta).

   Áireofar spriocanna i ndáil le daoine fásta suiteach agus páistí freisin. Ba cheart dul i gcomhairle le príomhscairshealbhóirí sula leagfar síos spriocanna deiridh, go háirithe iad siúd a dheileáileann leis an gcoincheap níos leithne um ghníomhaíocht fhisiciúil. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte (HSE) ag forbairt treoirlínte gníomhaíocht fhisiciúil náisiúnta faoi láthair a chuirfeadh leagan síos aon spriocanna ar an eolas maidir leis seo.

   Sa ghearrthéarma, ba cheart go mbainfeadh na príomhspriocanna thar na trí bliana seo chugainn le forbairt caidreamh agus cumais, cláir phíolótacha, forbairt chumarsáide / clár margaíochtaa sóisialta agus obriú le NGBanna agus LSPanna mar chuid d'fhorbairt samhail mhaoinithe níos fearr.

4. Ba cheart córais agus struchtúir a athbhreithniú agus a neartú lena n-áirítear:

- Tiomantas a fháil do ról cuí do gach Roinn Rialtais ábhartha chun rannpháirtíocht bhreisithe a éascú agus a chur chun cinn; i ndlúthchomhpháirtíocht leis an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta;

- díriú ar ról agus cumas LSPanna mar thiománaithe áitiúla agus moltóirí rannpháirtíochta breisithe agus iad a athbhreithniú lena n-áirítear a gcuid idirghníomhaíochta le boird phobail nach bhfuil suim phríomhúil acu sa spórt ach a n-imríonn ról tioncharach in iompraíocht agus leasa a mhúnlú; teimpléad a iarraidh a fhorbairt go tapa a threoródh LSPanna i bpleanáil agus cur i bhfeidhm.

- oibriú le NGBanna chun a rólanna poitéinsiúla agus a gcion tairbhe chun rannpháirtíocht bhreisithe a chur chun cinn a shainaithint agus dreasachtaí oiriúnacha a chruthú dóibh siúd a fhorbraíonn agus a chuireann straitéisí rathúla i bhfeidhm.

- comhaontas a fhorbairt agus a iarraidh a fháil do straitéis um bainteacht leasa áineasa príobháideacha agus tráchtála comhsheasmhach le luachanna agus cuspóirí na tosaíochta;

- polasaithe a thacaíonn leis an úsáid is mó d'áiseanna reatha agus na leasa is fearr an phobail go léir i bhforbairt áiseanna nua; ba cheart dul i gcomhairle leathan agus roimhré le NGBanna, LSPanna agus le príomhscairshealbhóirí eile sula nglacfar lena leithéid de pholasaithe. Ba cheart na saincheisteanna seo a mheas i gcomhthéacs straitéis na n-áiseanna spóirt;

- comhaontas le nós imeachta Rialtais a iarraidh a fháil a theastódh ó mholtaí go léir don Rialtas na torthaí ar rannpháiríocht bhreisithe a mhíniú agus iad a rochtain, más ann dóibh, go háirithe ag daoine faoi mhíbhuntáiste agus le míchumas.

- cuir cumas inmheánach na Comhairle in oiriúint chun an tosaíocht a thomáint agus a chothú;

- cuir fochoiste ar bun le hionadaithe ó na priomhscairshealbhóirí ag an leibhéal náisiúnta, le duine neamhspleách inspioráideach ina chathaoirleach, gur féidir am a dhóthain a thabhairt don ábhar go

háirithe thar na trí bliana seo chugainn agus a bheadh ina sheaimpín don tosaíocht; agus

- clár taighde leanúnach a chothú agus a bhreisiú, de réir mar is gá chun leibhéil agus dearcadh rannpháirtíochta araon a thomhas.

5. Molaimid maidir le Clár Forbartha agus Cur i bhFeidhm:

- líon tosaíochtaí ar leith i réimse an Oideachais a thionscnamh, ag leanúint ar chomhaontas leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta;

- clár comónta ar fud na tuaithe a fhorbairt faoi cheannas LSPanna

- athbhreithniú ar mheicníochtaí maonaithe reatha agus forbairt samhail mhaoinithe chomhtháite chun luach saothair a thabhairt do rannpháirtíocht bhreisithe fad is atá taithí maith do rannpháirtithe á chinntiú.

6. Molaimid maidir le Cumarsáide:

- Straitéis Chumarsáide foriomlán a fhorbairt, lena n-áirítear forbairt bhranda gur féidir a chur chun cinn mar sheirbhís phoiblí gan ach luaite le haon áisíneacht amháin;

- an ról seo cumarsáide a chomhtháthú isteach i bhfreagrachtaí NGBanna,LSPanna agus comhpháirtithe eile;

- cur i láthair agus scaipeadh i bhformáidí tarraingeacha agus simplí torthaí taighde agus scrúduithe ar leith;

- foilsiú tuarascáil bhliantúil ar Rannpháirtíocht, nasctha le himeacht ardpróifíle nó sraith imeachtaí;

- a chinntiú go bhfuil eolas cruinn ar shuíomhanna rannpháirtíochta agus deiseanna ar fáil go réidh agus go forleathan; agus

- athbhreithnithe neamhspleácha rialta ar chostais tairbhe rannpháirtíochta eacnamaíochta, sóisialta agus sláinte a dhéanamh agus a fhoilsiú.

**An Chéad Chéim Eile – 3 bliana ar aghaidh**

| **GNÍOMHÚ** | **INSEACHADTA** | **LE TEORÚ AG** | **AMSCÁLA** |
|---|---|---|---|
| Struchtúr leibhéal náisiúnta a chruthú chun an Straitéis a mhaoirsiú | Coiste náisiúnta bunaithe le príomhscairshealbhóirí bainteacha | ISC D/AST | 2009 |
| Comhaontais chomhpháirtíochta a idirbheartú le heocharaisteoirí le cláir a chomhsheachadadh | Comhpháirtíochtaí inmharthana a chomhaontú agus a dhoiciméadú | ISC | Deireadh 2009 |
| Teimpléad a chruthú do LSPanna le tuairisciú ar chláir rannpháirtíochta agus iad a sheachadadh | Teimpléid a dháileadh agus tacaíocht tugtha | ISC LSPanna | Deireadh 2009 |
| Meicníochtaí maoinithe a athbhreithniú do NGBanna chun rannpháirtíocht a chur san áireamh | Scéimeanna maoinithe a athbhreithniú agus dreasachtaí nua a chur i bhfeidhm | ISC NGBanna | 2010 |
| Glacadh le Treoirlinte Gníomhaíocht Fhisiciúla Náisiúnta | Treoirlínte scaipthe agus glactha ag eochairmheicníochtaí seachadta go léir | ISC HSE | 2010 |
| Cruthú branda agus feachtas feasachta | Lainseáil feachtas agus branda agus iad a ghlacadh ag eochairáisíneachtaí | ISC Coiste Náisiúnta HSE | 2010 |
| Córais tomhais agus meastóireachta a fhorbairt chun sonraí a rianadh ar rannpháirtíocht trasna réimse clár | Córais tomhais agus meastóireachta bríomhara píolótaithe agus i bhfeidhm | | Deireadh 2010 |
| Téigh i dteagmháil leis | Comhthosaíochtaí á | ISC | 2011 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| an Roinn Oideachais & Eolaíochta le comhchláir a chomhaontú | seachadta leis an earnáil Oideachais ag leibhéil go léir | Roinn Oideachais & Eolaíochta | |

AGUISÍN A

SAMHAIL LISPA



## SONRAÍ TEAGMHÁLA

The Irish Sports Council / An Comhairle Spóirt

Urlár Uachtair
Bloc A
Páirc Oifige Taobh an Iarthair
Baile Bhlainséir
Baile Átha Cliath 15

Teileafóin: 00353-1-8608800
Facs: 00353-1-8608880
Ríomhphost: info@irishsportscouncil.ie
Gréasán: www.irishsportscouncil.ie